IARRATAS NA ROINNE AIRGEADAIS AR AIGHNEACHTAÍ AN TRÍÚ SCÉIM GAEILGE 2017-2020 A ULLMHÚ

Tá Scéim Oifigiúil Gaeilge na Roinne Airgeadais i bhfeidhm ó 2006 i leith. Tá sé beartaithe ag an Roinn anois athbhreithniú a dhéanamh ar a Dara Scéim Gaeilge, de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é is príomhchuspóir leis an Acht a chinntiú go soláthrófar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge ar chaighdeán níos airde.

Tugann an tAire Airgeadais, an tUasal Paschal Donohoe TD, cuireadh do pháirtithe ar suim leo an scéal chun aighneachtaí a dhéanamh i ndáil le hullmhú Thríú Scéim Gaeilge na Roinne don tréimhse 2017 go 2020.

Tabhair do d'aire le do thoil go mbeidh aighneachtaí a gheofar ó pháirtithe ar suim leo an scéal faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus d'fhéadfaí iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Is féidir leat na haighneachtaí a sheoladh ar ais chuig:
SceimTeanga@finance.gov.ie, nó sa phost chuig:
An tUasal Colm O'Neill
An Roinn Airgeadais, Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2, DO2 R583

Ní mór aighneachtaí a bheith faighte faoi **5pm, Dé hAoine 25 Lúnasa 2017.** Iarrtar nach mbeidh na haighneachtaí níos faide ná 4,000 focal.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin Acht a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag http://www.ahrrga.gov.ie. Is féidir Dara Scéim Gaeilge na Roinne 2014-2017 a rochtain ag http://www.finance.gov.ie

An Roinn Airgeadais
Department of Finance